



## ***Iarratas - Treoirínite do Reilig Bhaile an Phléimeannaigh***

- 1) *Líon an Fhoirm Iarratais cheangailte le haghaidh Leac Uaighe*
- 2) *Cinntigh go bhfuil na sonraí go léir fíor agus chomh cruinn agus is féidir leo a bheith.*
- 3) *Abair cén seoladh a bhí agat agus tú ag ceannach na leice má tá sé difriúil leis an seoladh atá anois agat*
- 4) *Murab é an t-iarratasóir (i.e. tú féin) úinéir dleathach na láithreach uaighe, tabhair sonraí ar an mbaint atá agat leis an úinéir*
- 5) *Fág iniata seic/ordú airgid i leith na suime €200 + CBL @ 23% (€246), iníoctha le "Comhairle Contae Fhine Gall".  
**Ní ghlactar le híocaíochtaí airgid thirim sa phost.**  
*Déan tagairt d'Iarratas Leice Uaighe ar chúil an tseic.**
- 6) *Tabhair uimhir theileafóin ar eagla gur gá ceisteanna a chur ort.*

**COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL**  
**Comhairle Contae Fhine Gall**

***Treoirlínte do Dhealbhóirí Leachta***  
***maidir le leaca uaighe i***  
***Reilig Bhaile an Phléimeannaigh***

---

1. Líon isteach na sonraí a iarrtar ar an bhfoirm iarratais HK1 agus HK2. Cuir san áireamh sceitse de do chuid moltaí ar an bhfoirm a chuirtear ar fáil chun aon snoiteáin etc. a bheidh ar an leac cuimhneacháin a thaispeáint.
2. Seol na foirmeacha comhlánaithe, mar aon leis an táille €246 (seic/ordú poist - **nó íocaíochtaí airgid thirim**) chuig:-

**COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL, Rannóg na nOibríochtaí Bhinn**  
**Éadair/Mhullach Íde, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath**  
**15.**

3. Tar éis cead a fháil an obair a dhéanamh, déan teagmháil leis an Iosta Áitiúil Oibríochtaí d'fhonn cruinniú a shocrú ar an láthair chun an oiread spáis a theastaíonn taobh leis an uaigh a aontú. Ansin síneoidh maoirseoir na Comhairle an cead chun ceadú tús a chur leis an obair.
4. Ní mór do dhealbhóirí an tÁrachas Dliteanais Phoiblí ábhartha a bheith acu agus Reachtaíocht reatha Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.

**TABHAIR AR AIRD:**

***Beidh dealbhóirí a sháraíonn na nósanna imeachta, nó a dteipeann orthu an obair a chríochnú ar bhealach a shásóidh an Chomhairle, nó a dteipeann orthu obair mhíshásúil dá leithéid a thabhairt chun bealaigh, faoi dhliteanas chostas na hoibre leigheasta a dhéanfaidh an Chomhairle agus ní eiseofar tuilleadh cead orthu chun obair a dhéanamh i Reiligí de chuid na Comhairle.***

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**

***Ní mór do dhealbhóirí Uimhir na Láithreach Uaighe a ghreanadh sa choirnéal tosaigh íochtair den Leac Uaighe ar thaobh na láimhe clé, agus san áit sin amháin.***

**COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL**  
**Comhairle Contae Fhine Gall**

Teileafón: 8905848

**IARRATAS CHUN LEAC UAIGHE A THÓGÁIL**  
**I REILIG BHAILE AN PHLÉIMEANNAIGH**

Ainm agus Seoladh an Dealbhóra: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Ainm agus Seoladh an Iarratasóra: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

An Bhaint atá ag an Iarratasóir le Ceannaitheoir an Spáis Uaighe:

\_\_\_\_\_

Ainm agus Seoladh Cheannaitheoir an Spáis Uaighe: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dáta Cheannach an Spáis Uaighe: \_\_\_\_\_

Uimhir an Spáis Uaighe: \_\_\_\_\_ Uimhir na hAdmhála Uaighe: \_\_\_\_\_

Inscríbhinn: \_\_\_\_\_

Dáta Bhás an Duine Mhairbh: \_\_\_\_\_

An t-ábhar atá le húsáid: (Cloch Nádúrtha Amháin): \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Táille an Cheada €246 - Uimhir Seic/Ordaithe Airgid: \_\_\_\_\_

*Líon isteach na sonraí ar iarrtar ar an bhfoirm HK2, atá ceangailte, taispeáin an sceitse agus toisí uile na leice uaighe atá le tógáil, ar an leathanach a chuirtear ar fáil. Taispeántar aon snoiteáin etc ar an sceitse seo.*

**N.B.** An airde is mó is féidir leis an leac uaighe a bheith i Reilig Bhaile an Phléimeannaigh, agus an obair uile san áireamh, ná 1.2 m (4 troithe), ó bharr an phlionsa anuas.

**D'ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN**

Uimhir Chruinn Spáis Uaighe \_\_\_\_\_

A Bhfuil Beartaithe Inghlactha ó thaobh Struchtúir \_\_\_\_\_

*Dáta ar íocadh an táille:*

*Méid: €*

*Uimhir na hAdmhála:*

*Tá an fhoirm iarratais chomhlánaithe, mar aon le híocaíocht €246, le seoladh ar ais chuig Comhairle Contae Fhine Gall, Rannóg na nOibríochtaí Bhinn Éadair/Mhullach Íde, Bóthar*

*an Gharráin, Baile an Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15. Ba cheart Seiceanna/Orduithe Airgid a chrosáil agus a dhéanamh iníoctha le: "Comhairle Contae Fhine Gall"*

**Nóta: Ní ceart airgid tirim a chur sa phost.**

## LE COMHLÁNÚ AG CEANNAITHEOIR/ÚINÉIR NA LÁITHREACH UAIGHE


Leis seo, ceadaímse \_\_\_\_\_ ceannaitheoir/úinéir Láthair Uaighe Uimh: i Reilig Bhaile an Phléimeannaigh, don dealbhóir thuas iarratas a dhéanamh ar leac uaighe thar mo cheann. Tá na coinníollacha thíos léite agam agus glacaim leo, coinníollacha a d'fhéadfaí a fhorchur i dtaobh aon Chead Leice Uaighe a eisítear:

**Sínithe:** \_\_\_\_\_ **Dáta:** \_\_\_\_\_

1. Airde Leac Uaighe (*an bonn san áireamh*) taobh istigh de Reilig Bhaile an Phléimeannaigh ná 0.9m (3 troithe) ar a laghad agus 1.2m (4 troithe) ó bharr an phlionsa a chuirtear ar fáil.
2. Is de chloch nádúrtha amháin a bheidh an leac uaighe, is é sin, marmar, aolchloch nó cloch eibhir, agus ba cheart go luífeadh sí ar an bplionsa mín, coincreíteach a chuirtear ar fáil. Ritheann na plionsaí coincreíteacha isteach ina chéile feadh na n-uaigheanna agus marcáiltear iad ceann ar cheann de réir gach láthair uaighe. Ní chuirtear ábhar daingnithe ar fáil.
3. Tá gach plionsa coincreíteach 1.25m ar leithead agus idir 100 agus 200mm os cionn talún. Tá doimhneacht 500mm in aon phlionsa amháin (leac uaighe amháin) (plionsaí aontaobhacha i.e. an chéad sraith agus an tsraith dheireanach in aon bhloc amháin). (*Féach Léaráid 1*).
4. Doimhneacht 750mm atá sa phlionsa dúbailte san iomlán nuair a chuirtear leaca uaighe droim le droim. Is í an doimhneacht is mó is féidir a bheith ann ná 375mm (14.5 orlach) an ceann. (*Féach Léaráid 2*). Ní féidir aon chuid den leac uaighe dul thar aghaidh an phlionsa.
5. Ní cheadaítear aon cholbhaí ná slabhraí; crainn, toir, bláthanna nó aon phlandaí eile; potaí ná vasaí; dealbha, ornáidí ná bréagáin, nó aon mhíreanna eile, ar an bhféar atá ar aghaidh na leice uaighe amach.
6. Beidh sealbhóir an cheada freagrach as aon damáiste a dhéanfar d'uaigheanna atá taobh lena uaighsean, mar gheall ar aon obair a dhéanamh.
7. Ní mór fógra a thabhairt d'Fheighlí/Mhaoirseoir na Reilige nuair a bheidh sealbhóir an cheada réidh le tús a chur leis an obair.
8. Ba cheart **Uimhir na Láithreach Uaighe** a ghreanadh sa choirnéal tosaigh íochtair den leac uaighe, ar thaobh na láimhe clé, agus san áit sin amháin. Ní ceadmhach ainmneacha a ghreanadh ná a chur ar an taobh thiar den leac uaighe. Ní thugtar an cead seo ach amháin ar an tuiscint nach mbeidh an Chomhairle, i gcás ar bith, freagrach as damáiste ar aon chúis, lena n-áirítear loitiméireacht a dhéanamh ar an leac uaighe nó ar aon chuid eile de mhaoin nach leis an gComhairle í.
10. Tá an láthair uaighe le fágáil deas néata agus aon ábhar breise le tabhairt chun bealaigh ón Reilig. Sa chás go gcuirtear buncar ar fáil, is féidir ábhar breise a chur ansin.
11. Ní mór do dhealbhoirí an tÁrachas Dliteanais Phoiblí ábhartha a bheith acu agus Reachtaíocht reatha Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.


**N.B.** Féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall ordú nó socrú a dhéanamh stop a chur le haon obair nó athrú a dhéanamh ar aon obair nach gcomhlíonann na coinníollacha thuas i

dtuairim na Comhairle. Ní eiseofar tuilleadh cead ar an Dealbhóir nó go ndéanfar de réir threoracha na Comhairle.



### Léaráid 1

*An tUasairde  
ó bharr an  
phlonta anuas*



## Léaráid 2

*Leac Uaighe  
déanta as Cloch  
Nádúrtha  
Airde 900 go dtí  
1200m*

**COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL**

***Comhairle Contae Fhine Gall***

**IARRATAS CHUN LEAC UAIGHE A THÓGÁIL**  
**I REILIG BHAILE AN PHLÉIMEANNAIGH**

Tabhair na sonraí atá iarrtha sna spásanna thíos.

**1. Leac Uaighe:**

Ábhar . . . . .  
Airde (Ó bharr an phlonta anuas) (Uasmhéid 1.2 m (4'0")) . . . . .  
Leithead - (Uasmhéid 1.2m (4'0") - láthair uaighe shingil) . . . . .  
Doimhneacht - (Uasmhéid 0.36 m (1'2")) . . . . .

**2. Bonn Leac na hUaighe:**

Ábhar . . . . .  
Airde . . . . .  
Leithead - (Uasmhéid 1.2 m (4'0") – láthair uaighe shingil) . . . . .  
Doimhneacht - (Uasmhéid 0.36 m (1'2")) . . . . .

Síniú an Dealbhóra: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_



Is gá go mbeadh an Sceitse seo ann i dteannta na bhFoirmeacha HK1 agus  
HK2

**COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL**  
*Comhairle Contae Fhine Gall*

**IARRATAS CHUN LEAC UAIGHE A THÓGÁIL**  
**I REILIG BHAILE AN PHLÉIMEANNAIGH**  
*SCEITSE DEN LEAC CUIMHNEACHÁIN ATÁ LE TÓGÁIL*  
*(CHUN AON OBAIR GHAOLMHAR I.E. SNOITEÁIN, A THAISPEÁINT).*

---

HP/ /20